

**TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2021/1270 ÓN gCOIMISIÚN  
an 21 Aibreán 2021**

**Iena leasaítear Treoir 2010/43/AE maidir leis na rioscaí inbhuanaitheachta agus na tosca inbhuanaitheachta atá le cur san áireamh le haghaidh Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe (UCTIS)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (UCITS) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 12(3), Airteagal 14(2), agus Airteagal 51(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá níos inbhuanaithe, níos tíosaí ar acmhainní agus níos ciorclaí i gcomhréir leis na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe, tá sé rithábhachtach chun iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais a áirithiú. In 2016, thug an tAontas Comhaontú Pháras i gcrích <sup>(2)</sup>. Faoi Airteagal 2(1)(c) de Chomhaontú Pháras, leagtar síos an cuspóir chun neartú a dhéanamh ar an bhfreagairt don athrú aeráide, i measc modhanna eile, trína áirithiú go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach le bealach i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.
- (2) Ag aithint dó an dúshlán sin, thíolaic an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip <sup>(3)</sup> i mí na Nollag 2019. Is straitéis nua fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm dó an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann ó 2050 amach, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní. Ceanglaítear leis an gcuspóir sin go dtabharfar comharthaí soiléire d'infheisteoirí maidir lena n-infheistíochtaí chun sócmhainní tréigthe a sheachaint agus maoiniú inbhuanaithe a thiomnú.
- (3) I Márta 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta i dtaca le "Fás Inbhuanaithe a Mhaoiniú" <sup>(4)</sup>, lena gcuirtear straitéis uailmhianach, chuimsitheach ar bun maidir le maoiniú inbhuanaithe. Ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta is ea sreafaí caipitil a atreorú chuig infheistíochtaí inbhuanaithe chun fás inbhuanaithe, chuimsitheach a bhaint amach. An measúnú tionchair atá mar bhonn ag tionscnaimh reachtacha a rinneadh ina dhiaidh agus a foilsíodh i mBealtaine 2018 <sup>(5)</sup>, léirigh sé gur gá a shoiléiriú gur cheart do chuideachtaí bainistíochta tosca inbhuanaitheachta a chur san áireamh mar chuid dá ndualgais i leith infheisteoirí. Dá bhrí sin, ba cheart do chuideachtaí bainistíochta measúnú a dhéanamh ní hamháin ar na rioscaí airgeadais ábhartha uile ar bhonn leanúnach, ach freisin ar na rioscaí inbhuanaitheachta ábhartha uile dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup> a d'fhéadfadh, dá dtarlódh siad, tionchar diúltach iarbhir nó ábhartha a imirt ar luach infheistíochta. Ní thagraíonn Treoir 2010/43/AE ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> go sainráite do rioscaí inbhuanaitheachta. Ar an gcúis sin agus chun a áirithiú go gcuirtear nósanna imeachta inmheánacha agus socruithe eagraíochtúla chun feidhme mar is ceart agus go gclóítear leo, is gá a shoiléiriú gur léiriú iad na próisis, na córais agus na rialuithe inmheánacha ar chuideachtaí bainistíochta ar na rioscaí inbhuanaitheachta, agus go bhfuil an acmhainneacht theicniúil agus an t-eolas riachtanach chun na rioscaí sin a anailísiú.

<sup>(1)</sup> IO L 302, 17.11.2009, lch. 32.

<sup>(2)</sup> Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).

<sup>(3)</sup> COM(2019) 640 final.

<sup>(4)</sup> COM(2018) 97 final.

<sup>(5)</sup> SWD(2018) 264 final.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Treoir 2010/43/AE ón gCoimisiún an 1 Iúil 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais eagraíochtúla, coinbhleachtaí leasa, iompar gnó, bainistiú riosca agus inneachar an chomhaontaithe idir taiscí agus cuideachta bainistíochta (IO L 176, 10.7.2010, lch. 42).

- (4) Chun míchothrom iomaíochta a sheachaint i gcás cuideachtaí bainistíochta, agus cuideachtaí infheistíochta nár ainmnigh cuideachta bainistíochta, agus chun ilroinnt ghaolmhar, neamhréireacht agus neamh-intuarthacht i bhfeidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a bhaineann le comhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta maidir le cuideachtaí infheistíochta, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.
- (5) Chun ardchaighdeán cosanta infheisteoirí a choinneáil ar bun, nuair a shaináithnítear na cineálacha coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna UCITS, ba cheart do chuideachtaí bainistíochta na cineálacha coinbhleachtaí leasa sin a chur san áireamh a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chomhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta ina bpróisis, ina gcórais agus ina rialuithe inmheánacha. D'fhéadfadh coinbhleachtaí a bheith i gceist leis na coinbhleachtaí sin a eascraíonn as luach saothair nó as idirbhearta pearsanta na foirne ábhartha, coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc glas, mídhíol nó mífhaisnéis maidir le straitéisí infheistíochta agus coinbhleachtaí leasa idir UCITS éagsúla atá á mbainistiú ag an gcuideachta bainistíochta chéanna.
- (6) De bhun Rialachán (AE) 2019/2088 na cuideachtaí bainistíochta nó infheistíochta a bhfuil sé d'oibleagáid orthu drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a chur san áireamh, nó breithniú a dhéanamh ar na drochthionchair phríomha sin go deonach, tá sé d'oibleagáid orthu a nochtadh conas a chuireann a mbeartais díchill chuí na drochthionchair phríomha sin san áireamh. Chun comhsheasmhacht idir Rialachán (AE) 2019/2088 agus Treoir 2010/43/AE a áirithiú, ba cheart an oibleagáid sin a léiriú i dTreoir 2010/43/AE.
- (7) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2010/43/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

#### **Leasuithe ar Threoir 2010/43/AE**

Leasaítear Treoir 2010/43/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3, cuirtear na pointí 11 agus 12 seo a leanas leis:

- “11. ciallaíonn ‘riosca inbhuanaitheachta’ riosca inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear i bpointe (22) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*);
12. ciallaíonn ‘tosca inbhuanaitheachta’ tosca inbhuanaitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) de Rialachán (AE) 2019/2088.

(\* Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht in earnáil na seirbhísí airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).”;

- (2) in Airteagal 4(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí bainistíochta rioscaí inbhuanaitheachta san áireamh agus na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh acu.”;

- (3) in Airteagal 5, cuirtear mír 5 seo a leanas leis:

“5. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na gcríoch a leagtar síos i míreanna 1, 2 agus 3, go gcoimeádfaidh cuideachtaí bainistíochta na hacmhainní agus an saineolas is gá chun rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú go héifeachtach.”;

- (4) cuirtear Airteagal 5a seo a leanas isteach:

“Airteagal 5a

#### **Oibleagáid ar chuideachtaí infheistíochta rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú i mbainistiú UCITS**

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí infheistíochta rioscaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú i mbainistiú UCITS, agus cineál, scála agus castacht ghnó na gcuideachtaí infheistíochta á gcur san áireamh.”;

(5) in Airteagal 9(2), cuirtear an pointe (g) seo a leanas leis:

“(g) atá freagrach as comhtháthú na rioscaí inbhuanaitheachta sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (f).”;

(6) in Airteagal 17, cuirtear mír 3 seo a leanas leis:

“3. Áiritheoidh na Ballstáit, nuair a shainaithníonn cuideachtaí bainistíochta na cineálacha coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna UCITS, go ndéanfaidh na cuideachtaí bainistíochta sin na cineálacha coinbhleachtaí leasa sin a chur san áireamh, coinbhleachtaí a d’fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chomhtháthú rioscaí inbhuanaitheachta ina bpróisis, ina gcórais agus ina rialuithe inmheánacha.”;

(7) in Airteagal 23, cuirtear na míreanna 5 agus 6 seo a leanas leis:

“5. Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí bainistíochta rioscaí inbhuanaitheachta a chur san áireamh agus na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 4 á gcomhlíonadh acu.

6. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás cuideachtaí bainistíochta, nó, i gcás inarb infheidhme, cuideachtaí infheistíochta, i gcás ina measfaidh siad drochthionchair phríomha na gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta mar a thuairiscítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2088, nó mar a cheanglaítear le mír 3 nó le mír 4 d’Airteagal 4 den Rialachán sin, go gcuirfidh na cuideachtaí bainistíochta nó na cuideachtaí infheistíochta sin na drochthionchair phríomha sin san áireamh agus na ceanglais a leagtar amach i mír 1 go mír 4 den Airteagal seo á gcomhlíonadh acu.”;

(8) in Airteagal 38(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Beidh sa bheartas bainistithe riosca cibé nósanna imeachta is gá chun a chur ar chumas na cuideachta bainistíochta measúnú a dhéanamh, i gcás gach UCITS a bhainistíonn sí, ar neamhchosaint UCITS ar rioscaí margaidh, leachtachta, inbhuanaitheachta agus contrapháirtí, agus neamhchosaint UCITS ar gach riosca eile, lena n-áirítear rioscaí oibriúcháin, a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do gach UCITS a bhainistíonn sí.”.

## *Airteagal 2*

### **Trasú**

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Iúil 2022 ar a dhéanaí, na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún.

Cuirfidh siad na bearta sin i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2022.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

## *Airteagal 3*

### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## *Airteagal 4*

### **Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---